Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2017**
**(OR. en)**

**5735/17**

**ECOFIN 51**
**UEM 15**
**SOC 52**
**EMPL 38**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5171/17 |
| Ábhar: | Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh do 2017<br>- Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN (27 Eanáir 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh do 2017, a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) ag an 3515ú cruinniú dá cuid ar an 27 Eanáir 2017.

**An Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh do 2017**

**- Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN -**

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an séú Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh (AMR), ar tuarascáil ón gCoimisiún í atá ina túsphointe don bhabhta bliantúil den Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch (MIP) i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2017.

2. AONTAÍONN SÍ I gCOITINNE leis an anailís chothrománach a rinne an Coimisiún ar choigeartú na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus laistigh den limistéar euro. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn breise atá déanta ag na Ballstáit chun a míchothromaíochtaí a cheartú, rud a chuidíonn leis an athchothromú san Aontas Eorpach agus laistigh den limistéar euro. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an téarnamh atá leantach ach measartha i gcónaí agus an boilsciú íseal, gnéithe atá muirearach i gcónaí ó thaobh laghdú na míchothromaíochtaí agus rioscaí maicreacnamaíocha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nár athraigh na dúshláin ná na rioscaí mórán in ainneoin na bhfeabhsuithe agus gur gá dul chun cinn breise a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí beartais chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí, go háirithe ar leibhéil ardaithe an fhéichiúnais, i bhfianaise aischur ionchasach mar aon le fás na táirgiúlachta a bheith ag dul ar meath agus i bhfianaise rátaí dífhostaíochta atá as cuimse fós. Ag an am céanna, tá barrachais bhreise i gcónaí sna cuntais reatha i roinnt Ballstát atá sa limistéar euro agus ag a bhfuil riachtanais díghiarála atá sách íseal agus lena bhféadfaí, faoi imthosca áirithe, a thabhairt le fios gurb ann do mhíchothromaíochtaí móra coigilteas agus infheistíochta a gcaithfí dul chun cinn a dhéanamh ina leith ó thaobh gníomhaíochtaí beartais. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh coigeartú neamhshiméadrach, i ngeall ar athchothromú easnamh chuig staideanna barrachais in a lán tíortha atá sa limistéar euro agus i ngeall freisin ar bharrachais dhianseasmhacha agus arda i dtíortha eile, agus go bhfuil staid bharrachais atá mór agus méadaitheach sa limistéar euro ina iomláine mar gheall ar an gcoigeartú neamhshiméadrach sin, rud a fhágann go gcaithfear aird níos mó a thabhairt ar na hiarmhairtí a leanfaidh é. Ar an iomlán, AONTAÍONN SÍ go gcaithfear athchóirithe breise cinntitheacha a dhéanamh chun infheistíocht a chur chun cinn agus chun leas a bhaint as an acmhainneacht fáis.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an scagadh bunúsach eacnamaíoch a thíolaic an Coimisiún sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le hanailís sa bhreis a dhéanamh, de bhíthin athbhreithniú domhain (IRD) ar an méid a thit amach le déanaí sna trí Bhallstát déag inar sainaithníodh míchothromaíochtaí an bhliain seo caite, lena mheas an bhfuil na míchothromaíochtaí leachtach, dianseasmhach nó géiritheach, agus cur chun feidhme beart ábhartha chun na míchothromaíochtaí a shárú á chur san áireamh, lena n-áirítear na bearta sin a moladh roimhe seo i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil leochaileacht i gcónaí i roinnt Ballstát nach bhfuil gá le IDR a dhéanamh iontu ag an gcéim seo, agus go mbeidh gá le súil a choimeád ar an méid a thitfidh amach.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún na hathbhreithnithe doimhne atá i ndlúth agus in inneach na dTuarascálacha Tíre a fhoilsiú i mí Feabhra, ar tuarascálacha iad ina gcomhtháthaítear freisin an anailís bhreise a rinne an Coimisiún ar shaincheisteanna struchtúracha eile a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá díriú ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha amhail féichiúnas ard idir phríobháideach agus eachtrach, iomaíochas agus acmhainneacht fáis atá lag, rioscaí a bhaineann le praghsanna méadaitheacha tithíochta, barrachais agus easnaimh i gcuntais reatha, saincheisteanna coigeartaithe a léirítear i ráta ard dífhostaíochta, ach idirdhealú soiléir á léiriú idir na dúshláin atá os comhair na mBallstát i dtéarmaí foinsí agus déine rioscaí agus é i gceist leis sin tosaíochtaí soiléire a léiriú agus gníomhaíocht mhear a áirithiú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart leas a bhaint as an nós imeachta don mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch (MIP) a mhéad is féidir, agus an ghné cheartaitheach á cur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur fhoilsigh an Coimisiún bailiúchán maidir leis an nós imeachta do mhíchothromaíocht, ina dtugtar forléargas ar an gcaoi a fheidhmíonn an creat MIP agus ar an gcaoi a d'athraigh a chur i bhfeidhm le himeacht ama. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil trédhearcacht agus intuarthacht an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch ríthábhachtach, go háirithe go háirithe ó thaobh na gcatagóirí míchothromaíochta atá ann cheana a choimeád, chun a áirithiú gurb iad na Ballstáit iad féin a bheidh i bhfeighil an nós imeachta, rud atá fíorthábhachtach freisin ó thaobh éifeachtacht MIP. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le leanúint den obair theicniúil d'fhonn oiriúnacht an scórchláir a mheas agus tuilleadh forbairt a dhéanamh ar uirlisí agus creataí anailíseacha le haghaidh measúnú a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach agus ar na nithe is cúis le teacht chun cinn agus leachtú na míchothromaíochtaí agus na n-ábhar iarmharta lena mbaineann, chun go bhfeabhsófar tuilleadh an anailís agus na torthaí atá taobh thiar den méid sin.

6. MEASANN SÍ go gcuidíonn faireachán is sonrach do MIPanna le cur chun feidhme éifeachtach beart a chaomhnú lena dtugtar aghaidh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil faireachán sonrach ar fáil do na Ballstáit uile a mbaineann faireachas MIP dóibh agus IS DÍOL SÁSAIMH DI cuíchóiriú an nós imeachta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé tábhachtach cleachtais chobhsaí agus thrédhearcacha a choinneáil maidir le cur chun feidhme faireacháin shonraigh.

7. AONTAÍONN SÍ i gcoitinne leis an measúnú a chuir an Coimisiún ar fáil sna tuarascálacha ar fhaireachán sonrach, ar measúnú é a bhaineann le gníomhaíocht ag na Ballstáit a bhfuil míchothromaíochtaí acu, i gcomhthéacs MIP agus na mbearnaí beartais arb ann dóibh fós. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil plé déanta cheana i gcoistí na Comhairle ar fhormhór na dtuarascálacha ar fhaireachán sonrach, agus go ndéanfar plé ar na tuarascálacha ar fhaireachán sonrach eile a bhaineann leis an Spáinn, leis an bPortaingéil agus le hÉirinn go luath in 2017 i gcomhthéacs a gcuid tuarascálacha ar fhaireachas iarchláir.

8. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar na torthaí ar fhaireachán sonrach ar bhealach comhsheasmhach agus éifeachtach i dtaca leis an méid a bhaineann le cur chun feidhme MIP, agus IARRANN SÍ AR na Ballstáit aghaidh a thabhairt, ar bhealach uaillmhianach agus nithiúil, ar na bearnaí beartais arna sainaithint i gcomhthéacs faireacháin shonraigh chun go gceartófar míchothromaíochtaí díobhálacha.